

LOBBYING.ie
An Clár Brústocaireachta
Register of Lobbying

# Tuarascáil Bhliantúil 2015

**Maidir leis an**
*Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015*



Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
18 Sráid Líosain íochtarach,
Báile Átha Cliath 2.

Tel: (01) 639 5722
Fax: (01) 639 5684

Twitter: @LobbyingIE
R-phost: info@lobbying.ie
Website: www.lobbying.ie

ISSN: 2009-9371

# Clár Ábhar

Brollach 2
Comhaltaí den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 3
Réamhrá ón gCathaoirleach 4

**Caibidil 1 Obair an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 6**

**Caibidil 2 Forbhreathnú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 8**

Ionstraimí Reachtúla faoin Acht 10
An ról atá ag an gCoimisiún um Chaighdeáin 11

**Caibidil 3 Ullmhú le haghaidh Tosach Feidhme 12**

Daoine 13
Forbairt an tsuímh Ghréasáin agus an chláir 13
An Grúpa Comhairleach ar Bhrústocaireacht a Rialáil 14
Cumarsáidí agus for-rochtain 14
Uirlisí faisnéise agus acmhainní 15

**Caibidil 4 Oibríochtaí ó Thosach Feidhme 16**

Cinntí faoi alt 14 17
Cinntí faoi ailt 19-22 18
Nósanna imeachta inmheánacha agus próisis achomhairc 18
Oibriú le daoine eile 19

**Caibidil 5 Príomh-Shaincheisteanna sa Bhliain 2015 20**

Brústocaireacht lasmuigh d'Éirinn 21
Clárú carthanas agus an cheist maidir le stádas carthanúil 22
Modh nó áit na cumarsáide 22
Aighneachtaí do chomhairliúcháin phoiblí 22
Cé a thosaíonn an teagmháil 23
An ról atá ag comhlachtaí ionadaitheacha 23
Rúndacht cliaint 23
An ról atá ag oifigigh phoiblí ainmnithe maidir le tacú leis an Acht 24
An ról atá ag comhlachtaí poiblí maidir le tacú leis an Acht 24

**Caibidil 6 Achoimre agus na chéad chéimeanna eile 26**

Torthaí ar an gcéad tréimhse tuairiscithe 27
Na chéad chéimeanna eile 28


**Aguisín 1:**
**Liosta Foilseachán ón gCoimisiún um Chaighdeáin, 2015 34**

**Aguisín 2:**
**Comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach ar Bhrústocaireacht a Rialáil 30**

**Aguisín 3:**
**Tuairisceáin a rinneadh roimh an spriocdháta ar an 21 Eanáir 2016 32**

# Brollach

De réir fhorálacha alt 25(1) den *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015*, tá áthas orm an *Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2015 ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí maidir le Riar an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015* a chur isteach lena leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.



**An Breitheamh Daniel O'Keeffe**
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Meitheamh 2016

# Comhaltaí den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí



**An Breitheamh Daniel O'Keeffe**
Cathaoirleach



**Seamus McCarthy**
an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste



**Peter Tyndall**
an tOmbudsman



**Peter Finnegan**
Cléireach Dháil Éireann



**Deirdre Lane**
Cléireach Sheanad Éireann



**Jim O'Keeffe**
Iarchomhalta de Dháil Éireann

# Réamhrá ón gCathaoirleach

Cuireadh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) ar bun sa bhliain 2001. Tá freagracht maoirseachta air faoin reachtaíocht lena bpléitear le heitic in oifigí poiblí, le rialáil toghcháin agus le maoiniú polaitíochta agus le tuairisciú airgeadais polaitíochta.

Níos déanaí fós, cuireadh leis an sainchúram atá ar an gCoimisiún nuair a achtaíodh an t*Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015* (an tAcht). Tháinig an tAcht i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015. Leis an Acht, ainmnítear an Coimisiún mar Chláraitheoir Brústocaireachta agus tugtar de fhreagracht air clár ar líne a chothabháil agus maoirseacht a dhéanamh ar fhormhór fhorálacha an Achta.

Pléitear sa tuarascáil seo leis na gníomhaíochtaí ar thug an Coimisiún fúthu agus maoirseacht á déanamh aige ar an Acht don tréimhse tuairiscithe sa bhliain 2015. Is i dtuarascáil bhliantúil ar leith a thugtar tuairisc ar an obair eile a rinne an Coimisiún. Cuirtear tuarascáil den sórt sin ar fáil don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí an Mheithimh gach bliain agus foilsítear ar líne í.

San earrach seo a chuaigh thart, bhí áthas ar an gCoimisiún Sherry Perreault a cheapadh mar Cheann um Brústocaireacht a Rialáil. Chuaigh Sherry Perreault Uas. i mbun a dualgas i mí na Bealtaine 2015 agus tá sí i gceannas ar an Aonad um Brústocaireacht a Rialáil sa Rúnaíocht.

Sa chéad bhliain ina raibh an tAcht i bhfeidhm, dhírigh an Coimisiún ar thuiscint a fhorbairt ar an Acht agus ar chomhlíonadh an Achta a spreagadh. Chuige sin, chabhraigh líon suntasach tionscnamh for-rochtana agus oideachais a reáchtáladh le linn na bliana le feasacht agus le tuiscint ar an Acht agus ar na hoibleagáidí a ghabhann leis a chothú i measc daoine a d'fhéadfadh bheith ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta.

Rinneadh an Clár Brústocaireachta ar líne agus an suíomh Gréasáin www.lobbying.ie a sheoladh go foirmiúil an 30 Aibreán 2015.

Cuireadh faisnéis chabhrach do chláraithe féideartha agus do na daoine sin a ndéanann siad brústocaireacht orthu araon leis an suíomh Gréasáin – áit a bhfuil treoirlínte sainoiriúnaithe do bhrústocairí agus d'oifigigh phoiblí ainmnithe, físeáin teagaisc, tuairisceáin shamplacha agus ceisteanna coitianta.

Is amhlaidh gur éirigh leis an mbéim a cuireadh ar oideachas agus ar fhor-rochtain. Tá méadú tapa tagtha ar líon na gcláraithe ó thosach feidhme an Achta i mí Mheán Fómhair, agus líon mór cláraithe agus tuairisceán faighte againn don chéad spriocdháta le haghaidh tuairisceán i mí Eanáir 2016. Tá an Coimisiún an-sásta leis an leibhéal comhlíonta atá bainte amach go dtí seo. Táscaire luath an-dearfach is ea go bhfuiltear ag glacadh leis an ngá atá ann le hoscailteacht agus le trédhearcacht i gcúrsaí brústocaireachta. Leis an bhfaisnéis atá ar fáil ar an gclár, tugtar do phobal na hÉireann léargas gan fasach ar an ról a imríonn an bhrústocaireacht i gcinntí beartais agus cistithe a mhúnlú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí eile den Choimisiún as a gcuid oibre le linn na bliana. Is eol do gach comhalta den Choimisiún a thábhachtaí atá sé brústocaireacht a rialáil de réir creat láidir eitice. Ba ríluachmhar a bhí an tacaíocht agus an treoir a thug siad chun an córas nua a bhunú agus a chur chun feidhme.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Rúnaíocht an Choimisiúin, Sherry Perreault Uas. ina measc, leis an Aonad um Brústocaireacht a Rialáil, agus leis an fhoireann tacaíochta san Aonad um Theicneolaíocht Faisnéise, san Aonad um Sheirbhísí Corparáideacha agus san Aonad um Chaidreamh Ardchaighdeáin le Geallsealbhóirí in Oifig an Ombudsman as an obair dhícheallach a rinne siad thar an mbliain seo a chuaigh thart. I dtréimhse an-ghairid ama, chuir an grúpa daoine sin tacaíocht fhairsing ar fáil chun cabhrú leis an iarracht a rinne an Coimisiún an clár brústocaireachta, an suíomh Gréasáin agus uirlisí teagaisc a fhorbairt, nósanna imeachta rialála a bhunú, agus tabhairt faoi mhórfheachtas for-rochtana.

D'éirigh leis an iarracht shuntasach ar an gcóras nua rialála sin a bhunú agus a chur chun feidhme, agus torthaí agus comhlíonadh an-dearfach bainte amach cheana féin. Tá na héachtaí sin ar fad inchurtha go mór i leith dhíograis leanúnach agus obair dhícheallach na foirne, agus gabhaim buíochas leo as an rannchuidiú den scoth a rinne siad ina leith sin.



# 1 Obair an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

# Caibidil 1
# Obair an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Comhlacht neamhspleách a bunaíodh i mí na Nollag 2001 leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí is ea an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún). Tá seisear comhaltaí ann agus tá sé faoi chathaoirleacht ag an mBreitheamh Onórach Daniel O'Keeffe, iarBhreitheamh de chuid na hArd-Chúirte. Suas go dtí an bhliain 2015, bhí róil mhaoirseachta ag an gCoimisiún faoi cheithre phíosa reachtaíochta ar leith, ba iad sin:

- an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, arna leasú leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, (na hAchtanna um Eitic);
- an tAcht Toghcháin, 1997, arna leasú (na hAchtanna Toghcháin);
- an tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2014 (an tAcht um Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte); agus
- an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

Mar aon le maoirseacht a dhéanamh ar nochtadh leasanna, ar chomhlíonadh ceanglas imréitigh cánach, ar nochtadh síntiús agus caiteachais toghcháin agus ar an dóigh a gcaitheann páirtithe polaitíochta an maoiniú a fhaigheann siad ón Stát, feidhmíonn an Coimisiún mar Chláraitheoir brústocaireachta, agus an Clár Brústocaireachta á mhaoirsiú aige. Cuireann Oifig an Ombudsman foireann rúnaíochta ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

I mí an Mheithimh 2016, déanfar tuarascáil bhliantúil ar leith don bhliain 2015 maidir leis an dóigh ar riaradh na róil eile atá ag an gCoimisiún a chur faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

*Is féidir tuilleadh faisnéise faoi fheidhmeanna an Choimisiúin a fhail anseo:*
http://www.sipo.gov.ie/en/About-Us/Our-Functions/

*Is féidir tuilleadh faisnéise faoi rialáil na brústocaireachta a fhail anseo:* www.lobbying.ie



# 2 Forbhreathnú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

# Caibidil 2
# Forbhreathnú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

Foráiltear leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 go dtagann duine faoi raon feidhme an Achta sa chás go ndéanann sé cumarsáid le hoifigeach poiblí ainmnithe maidir le ní iomchuí. Ní mór d'aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta clárú agus tuairisceáin rialta ar líne maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a chur isteach.

Is córas Gréasánbhunaithe atá sa chlár féin. Ní ghearrtar aon chostas i leith clárú, tuairisceáin a chur isteach ná teacht ar an bhfaisnéis atá ar fáil ar an gclár. Cé go bhfuil sé de fhreagracht ar an gCoimisiún maoirseacht a dhéanamh ar bhunú agus ar chothabháil an chláir, bíonn ábhar an chláir faoi réir na faisnéise a thugtar i sonraí clárúcháin na gcláraithe agus sna tuairisceáin a chuireann siad isteach.

Áirítear iad seo a leanas leis na daoine a thagann faoi raon feidhme an Achta:

- daoine ag a bhfuil níos mó ná deichniúr fostaithe,
- comhlachtaí ionadaitheacha agus comhlachtaí tathanta ag a bhfuil fostaí amháin ar a laghad,
- tríú páirtithe atá ag déanamh cumarsáid thar ceann cliaint (a thagann faoi cheann amháin de na critéir thuas) i gcomaoin íocaíochta, agus
- aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta maidir le forbairt talún nó le criosú talún.

Áirítear le hoifigigh phoiblí ainmnithe Airí agus Airí Stáit, Comhaltaí de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann, Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa do thoghlaigh in Éirinn, agus Comhaltaí d'Údaráis Áitiúla. Áirítear leo freisin Comhairleoirí Speisialta agus na státseirbhísigh agus na seirbhísigh phoiblí is sinsearaí arna n-ainmniú mar oifigigh phoiblí ainmnithe le hordú ón Aire.

Is é is ní iomchuí ann aon ní a bhaineann le haon bheartas poiblí nó le haon chlár poiblí a thionscnamh, a fhorbairt nó a mhodhnú, le hachtachán a ullmhú, nó le dámhachtain aon deontais, iasachta nó tacaíochta airgeadais eile, aon chonartha nó comhaontaithe eile, nó aon cheadúnais nó údaraithe eile lena ngabhann cistí poiblí. Is cumarsáidí iomchuí iad nithe a bhaineann le criosú talún agus le forbairt talún. Foráiltear san Acht do roinnt díolúintí maidir le nithe a meastar gur nithe iomchuí iad. Tá na díolúintí sin leagtha amach in alt 5(5) den Acht.

Ní mór d'aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta clárú agus tuairisceáin a chur isteach trí huaire in aghaidh na bliana, ina gcuimsítear na tréimhsí forordaithe tuairiscithe (1 Eanáir – 30 Aibreán, 1 Bealtaine – 31 Lúnasa, agus 1 Meán Fómhair – 31 Nollaig). Ní mór na nithe seo a leanas a léiriú sa tuairisceán: cé hé a ndearnadh brústocaireacht air; ábhar na gníomhaíochta brústocaireachta agus na torthaí a bheartaigh an brústocaire a bhaint amach léi; cineál agus méid na gníomhaíochta; ainm an duine san eagraíocht brústocaireachta atá nó a bhí ina oifigeach poiblí ainmnithe agus a bhí ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta; agus, más

iomchuí, faisnéis faoi aon chliant a bhfuil an brústocaire ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta thar a cheann.

Chomh maith leis sin, foráiltear san Acht go bhfuil aicmí sonracha oifigeach poiblí ainmnithe (mar shampla, Airí den Rialtas agus Airí Stáit, comhairleoirí speisialta, seirbhísigh phoiblí agus státseirbhísigh) faoi réir tréimhse mharana iarfhostaíochta aon bhliana, tréimhse nár cheart dóibh dul i mbun gníomhaíochtaí sonracha brústocaireachta lena linn.

Cé go gcuimsítear san Acht roinnt forálacha imscrúdaitheacha agus forfheidhmithe, ní bheidh éifeacht leis na forálacha sin go dtí aon bhliain amháin tar éis an dáta a tháinig an tAcht i bhfeidhm. Ba ar oideachas, ar fhor-rochtain agus ar chomhlíonadh a spreagadh a díríodh sa chéad bhliain.

Ar deireadh, foráiltear san Acht d'athbhreithniú reachtach a dhéanamh bliain amháin tar éis an dáta a tháinig an tAcht i bhfeidhm. Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a stiúrfaidh an t-athbhreithniú. Féadfaidh sé breithniú a dhéanamh ar leasuithe féideartha ar an Acht ina dhiaidh sin.



New laws for lobby groups

Peter O'Dwyer

Businesses which fail to comply with new lobbying legislation will not face sanctions for more than a year after the new laws come into force next month.

It is hoped the legislation which comes into force on September 1 will bring greater transparency to dealings between lobbyists and public officials with a register being established to keep track of such meetings.

Those found to be in breach of the rules will face fines of up to €200 for administrative breaches and more severe penalties up to and including imprisonment for serious failings. It will be at least a year however, before penalties can be levied against those breaking the rules, according to the country's new head of lobbying regulation, Sherry Perreault who said she expects people to comply.

"Initially, in the commencement of the legislation what we're trying to do is just encourage people and help them to get familiar with how the system works so that they're able to comply; we're trying to encourage compliance.

"There are investigation and enforcement provisions in the legislation but they won't come into force until after one year so the legislation commences the first of September this year, the enforcement provisions won't come into force for at least another year," said Ms Perreault. The legislation will require lobbyists to register online and submit returns three times a year, beginning in January 2016.

Those affected include third-party lobbyists paid to engage with public representatives; companies with 10 or more employees, representative bodies and advocacy groups discussing relevant issues; and anyone lobbying about the development or zoning of land.

A three-step online test is available at www.lobbying.ie for those unsure as to whether or not they must register. Public representatives encompass ministers; Dáil and Seanad members; MEPs; members of local authorities; special advisers and senior public and civil servants.

The former Canadian Conflict of Interest and Ethics Commissioner who yesterday visited Cork to discuss the legislation with local chambers of commerce said failure to submit a return on time would be constitute an administrative error.

"I would say that Ireland is now a member of a fairly small group of countries that has a robust ethics framework in place," Ms Perreault added.

## Ionstraimí Reachtúla faoin Acht

Tugadh trí ionstraim reachtúla isteach faoin Acht, ba iad sin:

- An tOrdú fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Tosach Feidhme) (I.R. Uimh. 152 de 2015);
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe) (I.R. Uimh. 367 de 2015); agus
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Achomhairc), 2015 (I.R. Uimh. 366 de 2015).


Sonraítear sna Rialacháin maidir le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe na róil i gcomhlachtaí poiblí ainmnithe a measfar gur oifigigh phoiblí ainmnithe iad chun críocha an Achta.

Ar deireadh, forordaítear sna Rialacháin maidir le hAchomhairc an próiseas trína bhféadfar achomhairc a dhéanamh in aghaidh cinntí ón gCoimisiún faoi fhorálacha sonracha an Achta.

## An ról atá ag an gCoimisiún um Chaighdeáin

Leagtar amach san Acht an ról atá ag an gCoimisiún maidir leis an gClár Brústocaireachta a riar. Foráiltear leis an reachtaíocht go ndéanfaidh an Coimisiún Clár Brústocaireachta poiblí Gréasánbhunaithe a bhunú agus a mhaoirsiú. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chomhlíonadh na reachtaíochta, cuirfidh sé treoir agus cúnamh ar fáil agus, nuair is gá, imscrúdóidh sé sáruithe ar cheanglais dhlíthiúla agus leanfaidh sé díobh in am trátha. Déantar foráil san Acht freisin go ndéanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas:

- aon fhaisnéis a chreideann an Coimisiún a bheith míchruinn, as dáta nó míthreorach a bhaint den chlár;
- cinneadh a dhéanamh ar iarrataí ar mhoill a chur ar fhoilsiú faisnéise atá i gclárú nó i dtuairisceán maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a chinneadh, áit a bhféadfaidh an Coimisiún a chinneadh an fhaisnéis a fhoilsiú go hiomlán nó go páirteach nó moill a chur ar fhoilsiú na tréimhse ar feadh tréimhse fhorordaithe;
- cinneadh a dhéanamh ar iarrataí ar an tréimhse mharana iarfhostaíochta a tharscaoileadh nó a laghdú le haghaidh catagóirí sonracha d'oifigigh phoiblí ainmnithe atá faoina réir;
- cód iompair a fhorbairt agus a mhaoirsiú;
- treoir a chur ar fáil agus tuiscint a chur chun cinn ar an Acht;
- sáruithe ar an reachtaíocht a imscrúdú agus a ionchúiseamh;
- fógraí íocaíochta seasta a eisiúint i leith sáruithe sonracha; agus
- tuarascálacha bliantúla a dhéanamh don Oireachtas.



**Regulation of lobbying activities**

The Regulation of Lobbying Act 2015 comes into effect today and, with it, the requirement for those who lobby designated public officials to register and report on their lobbying activities.
People communicating with designated public officials about relevant matters will now be obliged to register lobbying activity on the site www.lobbying.ie from this date. They must make returns of lobbying activity every four months, with the first returns being due by January 21, 2016. Information submitted to the registry will be available for public inspection.



# 3

# Ullmhú le haghaidh Tosach Feidhme

# Caibidil 3
# Ullmhú le haghaidh Tosach Feidhme

Síníodh an tAcht isteach sa dlí i mí an Mhárta 2015 agus tháinig sé i bhfeidhm ansin an 1 Meán Fómhair.

Mar gheall ar an obair ullmhúcháin a rinneadh roimh thosach feidhme an Achta an 1 Meán Fómhair 2015, bhí na córais, na hacmhainní agus na tacaí riachtanacha i bhfeidhm agus i mbun feidhme roimh an tosach feidhme. Chabhraigh an obair sin freisin le feasacht mhéadaithe ar an reachtaíocht a chothú i measc cláraithe féideartha agus oifigigh phoiblí ainmnithe.

## Daoine

Cuireadh aonad rialála ar bun laistigh de Rúnaíocht an Choimisiúin. Cuireann Oifig an Ombudsman feidhmeanna tacaíochta ar fáil don aonad, lena n-áirítear Cumarsáid, Airgeadas, Acmhainní Daonna agus Teicneolaíocht na Faisnéise. Cuireadh de chúram ar an aonad maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar riar laethúil an chláir agus an tsuímh Ghréasáin.

Ba trí phróiseas earcaíochta oscailte faoi bhainistíocht ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a líonadh an ról nua mar Cheann um Brústocaireacht a Rialáil. Chuaigh Sherry Perreault i mbun an phoist sin i mí na Bealtaine 2015. Cuimsíonn an fhoireann seisear ball foirne lánaimseartha anois.

## Forbairt an tsuímh Ghréasáin agus an chláir

Ag deireadh na bliana 2014, agus de bhun próiseas iomaíoch tairisceana, bronnadh conradh ar ghnólacht seachtrach chun an suíomh Gréasáin agus an clár brústocaireachta ar líne a fhorbairt. Cuireadh an suíomh Gréasáin agus an clár araon faoi réir tástáil fhairsing inghlacthachta úsáideoirí ag baill foirne an Choimisiúin agus ag geallsealbhóirí seachtracha le linn an gheimhridh agus an earraigh chun a chinntiú go mbeadh an córas furasta le húsáid agus le nascleanúint. Críochnaíodh an clár agus an suíomh Gréasáin ansin agus seoladh iad go poiblí ag ócáid a bhí ar siúl an 30 Aibreán 2015.

Tá an suíomh Gréasáin www.lobbying.ie ar an ionad céadfhreastail d'aon duine atá ag iarraidh clárú, tuairisceáin a chur isteach nó faisnéis a chuardach faoi bhrústocaireacht a rialáil. Mar aon leis an gclár a óstáil, cuimsítear ar an suíomh Gréasáin uirlisí faisnéise agus treorach, amhail treoirlínte do dhaoine atá ag seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta, treoirlínte maidir le criosú agus le forbairt, agus treoirlínte atá sainoiriúnaithe do ghrúpaí oifigeach poiblí ainmnithe. Cuimsítear ar an suíomh freisin sraith físeán teagaisc ina mínítear na próisis chlárúcháin agus tuairisceáin, tuairisceáin shamplacha maidir le gníomhaíocht brústocaireachta, "ceisteanna coitianta" a nuashonraítear go rialta, agus doiciméid eile ina léirítear na gnéithe éagsúla den Acht. Tá liosta foilseacháin ar áireamh in **Aguisín 1**.

Agus an clár seolta ceithre mhí roimh thosach feidhme an Achta, bhí na daoine sin ar dóigh dóibh oibleagáidí a bheith orthu faoin Acht in ann clárú, bréagthuairisceáin a chruthú agus cleachtadh a fháil ar an gcóras i dtimpeallacht saor ó riosca. Ag deireadh mhí Lúnasa, tugadh rogha do na cláraithe a bhfaisnéis chlárúcháin a thabhairt ar aghaidh chuig an gcóras beo nua. Scriosadh gach bréagthuairisceán ón gclár agus seoladh an córas beo i nGaeilge agus i mBéarla araon ansin an 1 Meán Fómhair.

## An Grúpa Comhairleach ar Bhrústocaireacht a Rialáil

Cuireadh Grúpa Comhairleach ar bhrústocaireacht a rialáil ar bun, agus é comhdhéanta de shaineolaithe agus de gheallsealbhóirí iomchuí (féach **Aguisín 2**). Is é ról an Ghrúpa faisnéis agus ionchur a sholáthar ar ábhair chur chun feidhme, lena n-áirítear tástáil inghlacthachta úsáideoirí ar an gclár; feidhmiú mar fhóram réiteach fadhbanna, agus é ag sainaithint saincheisteanna, rioscaí agus bearnaí ar dóigh dóibh dul i bhfeidhm ar oibriú an chórais; agus eolas a thabhairt d'fhorbairt straitéisí cumarsáide agus ábhar, treoirlínte reachtacha ina measc, chun a chinntiú go mbíonn daoine atá faoi réir an Achta ar an eolas faoina gcuid oibleagáidí. Bhí ionchur ó chomhaltaí den Ghrúpa ríthábhachtach maidir le cabhrú leis an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna cur chun feidhme a tháinig as bunú an chláir.

De réir alt 5(7) den Acht, d'fhoilsigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Cód Trédhearcachta, ina leagtar amach conas a dhéanfaidh comhlachtaí poiblí iomchuí áirithe, amhail grúpaí comhairleacha aireachta, a gcuid gníomhaíochtaí a sheoladh ar bhealach trédhearcach. Trí chloí leis an gCód Trédhearcachta sin, tagann cumarsáidí leis na comhlachtaí sin faoin eisceacht, atá leagtha amach in alt 5(5)(n) den Acht, ón gceanglas a bhaineann le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chlárú agus tuairisc a thabhairt orthu.

Dá réir sin, chloígh an Coimisiún le ceanglais an Chóid Trédhearcachta agus foilsíodh an fhaisnéis riachtanach faoin nGrúpa Comhairleach ar an suíomh Gréasáin www.lobbying.ie.

## Cumarsáidí agus for-rochtain

Rinneadh straitéis fhairsing cumarsáide agus for-rochtana a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go mbeadh gach duine a bhféadfadh go mbeadh oibleagáidí orthu faoin Acht nó a bhféadfadh go mbeadh leas acu san Acht ar an eolas faoi fhorálacha an Achta. I measc na ngníomhaíochtaí for-rochtana ar tugadh fúthu, bhí roinnt láithreoireachtaí éagsúla a soláthraíodh do ghrúpaí geallsealbhóirí ar fud na hÉireann, lenar áiríodh gnóthais agus cumainn ghnó, carthanais, agus comhlachtaí ionadaitheacha agus tathanta.

Soláthraíodh láithreoireachtaí do ghrúpaí oifigeach poiblí ainmnithe freisin, lenar áiríodh: Comhaltaí den Dáil agus den Seanad, comhaltaí, bainisteoirí agus baill foirne de chuid údarás áitiúil, agus roinnt foirne bainistíochta ó ranna agus ó ghníomhaireachtaí éagsúla. Cé nach bhfuil aon oibleagáidí ar oifigigh phoiblí ainmnithe faoin reachtaíocht, is amhlaidh go bhfuil leas acu sa chlár toisc go mbeidh siad ainmnithe mar dhaoine a ndearnadh brústocaireacht orthu i dtuairisceáin maidir le gníomhaíocht brústocaireachta. Iarraimid ar oifigigh phoiblí ainmnithe iad féin a chur i láthair mar oifigigh phoiblí ainmnithe agus iad ag déanamh cumarsáid le daoine a ndéanann brústocaireacht orthu. Cuirfidh sé sin le feasacht ar an Acht agus cabhróidh sé le daoine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta tuairisceáin chruinne a chur isteach.

I measc na ngníomhaíochtaí eile for-rochtana a bhí ann, bhí láithreacht ar Twitter a bhunú ar mhaithe le haird a tharraingt ar eachtraí, ar dhátaí agus ar chlocha míle suntasacha. Rinneadh roinnt alt maidir le brústocaireacht a rialáil a chur isteach lena bhfoilsiú i roinnt nuachtán agus irisleabhar. Seoladh comhfhreagras chuig níos mó ná 2,000 ceann de chomhlachtaí earnála poiblí agus de chomhlachtaí earnála príobháidí agus chuig an 1,000 cuideachta is mó in Éirinn chun iad a chur ar an eolas faoin Acht agus faoi na hoibleagáidí a ghabhann leis. Ar deireadh, seoladh feachtas náisiúnta fógraíochta i mí Mheán Fómhair, agus é mar aidhm leis feasacht ghinearálta a mhúscailt ar an Acht.

## Uirlisí faisnéise agus acmhainní

In alt 17 den Acht, tugtar d'údarás don Choimisiún treoir a eisiúint maidir leis an Acht. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis a chur ar fáil freisin d'fhonn feasacht faoin Acht agus tuiscint air a chur chun cinn.

D'fhoilsigh an Coimisiún sraith treoirlínte atá sainoiriúnaithe do pháirtithe éagsúla a bhfuil leas acu san Acht: Áiríodh iad seo a leanas leis na treoirlínte a foilsíodh ar an suíomh Gréasáin i mí Lúnasa 2015:

- Treoir d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe,
- Treoir do Bhaill d'Údaráis Áitiúla,
- Treoir do TDanna, do Sheanadóirí agus do FPEnna,
- Treoirlínte do dhaoine atá ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta, agus
- Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach na Treoirlínte maidir leis an mbrústocaireacht i dtaca le criosú agus le forbairt.

Foilsíodh raon faisnéise cabhrach eile ar an suíomh Gréasáin freisin, lenar áiríodh ceisteanna coitianta, tuairisceáin shamplacha, físeáin treorach, agus Tástáil Trí Chéim, lena gcabhraítear le daoine a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht a bhfuil siad ag gabháil di ina gníomhaíocht brústocaireachta.



**Canadian to supervise Irish lobbyists**

STEPHEN COLLINS

An experienced Canadian official has been appointed to run Ireland's new lobbying system which will come into operation next week.

Sherry Perreault, a senior director from Canada's Office of the Conflict of Interest and Ethics Commissioner, has been appointed as the first head of lobbying regulation in this country.

The appointment has been announced in advance of next week's launch of the online registration system for lobbying which follows the recent enactment of the Regulation of Lobbying Act 2015.

"I am very much looking forward to playing a role in this important new development in Ireland, which seeks to add a new level of transparency to the process of policy development and political decision-making," said Ms Perreault. People engaged in lobbying activity will be able to register on the regulator's website from May 1st and will be obliged by law to register lobbying activity that takes place from September 1st.

The appointment was welcomed by the chairman of the Standards in Public Office Commission, Mr Justice Daniel O'Keeffe.

# 4

# Oibríochtaí ó Thosach Feidhme



# Caibidil 4
# Oibríochtaí ó Thosach Feidhme

Ceanglaítear in alt 25(2) den Acht go gcuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar áireamh sa tuarascáil seo, agus í i bhfoirm nach gcumasaíonn na daoine lena mbaineann a aithint:

- Aon chinntí faoi alt 14 a rinneadh nó a bhí i bhfeidhm sa bhliain sin [iarrataí ar fhoilsiú moillithe];
- Aon imscrúduithe faoi alt 19 a críochnaíodh sa bhliain sin;
- Aon iarratais ar thoiliú faoi alt 22 [srianta iarfhostaíochta], agus na breitheanna go léir i dtaobh na n-iarratas sin, a rinneadh sa bhliain sin;
- Aon chiontuithe i leith cionta faoi alt 20 sa bhliain sin; agus
- Aon fhógraí íocaíochta seasta a seirbheáladh faoi alt 21 sa bhliain sin.

Baineann an t-eolas seo a leanas le bliain féilire 2015. Níl aon eolas le haghaidh tuairisceán 21 Eanáir ann.

## Cinntí faoi alt 14

Faoi alt 14 den Acht, féadfaidh cláraí iarratas a dhéanamh ar mhoill a chur ar fhoilsiú na sonraí ina chlárú nó ina thuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta sa chás, maidir le haon fhaisnéis a chur ar fáil, go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis:

- go mbeadh drochéifeacht thromaí ag an gcur ar fáil sin ar leasanna airgeadais an Stáit, ar an ngeilleagar náisiúnta, nó ar leasanna gnó i gcoitinne nó ar leasanna gnó daoine d'aon tuairisc, nó
- go mbeadh an cur ar fáil sin ina chúis le caillteanas airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann an fhaisnéis nó go ndéanfaí dochar mór leis an gcur ar fáil sin do staid iomaíochta an duine sin i seoladh shlí bheatha, ghairm nó ghnó an duine nó do thoradh aon chaibidlí conarthacha nó eile atá á seoladh ag an duine sin.

Sa bhliain 2015, fuarthas 7 n-iarratas ar mhoill a chur ar fhoilsiú sonraí clárúcháin. I gcás na n-iarratas sin:

- Cláraíodh cúig chinn tri dhearmad mar gheall ar mhíthuiscint ar cheanglais an Achta. Ní chun críocha an Achta a bhí triúr ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta, agus d'iarr siad ina dhiaidh sin go mbainfí a gclárú den chóras. Toisc gur trí dhearmad a cuireadh na cláruithe féin isteach, ní raibh aon chinneadh faoi alt 14 ag teastáil. Baineadh na sonraí clárúcháin den chlár ansin.
- Bhain duine amháin míbhrí as feidhmiú na bhforálacha maidir le foilsiú moillithe, agus chuir siad iarratas isteach trí dhearmad dá bharr. Toisc gur trí dhearmad a cuireadh an t-iarratas isteach, ní raibh aon chinneadh faoi alt 14 ag teastáil. Foilsíodh na mionsonraí clárúcháin ina dhiaidh sin.

- Fuarthas iarratas iarbhír amháin ar mhoill a chur ar fhoilsiú sonraí clárúcháin. Diúltaíodh don iarratas sin. Foilsíodh na sonraí clárúcháin ina dhiaidh sin.

Sa bhliain 2015, ní bhfuarthas iarratas ar bith ar mhoill a chur ar fhoilsiú sonraí cláruchàin.

Dá bhrí sin, tá cinneadh amháin déanta faoin alt seo sa bhliain 2015.

## Cinntí faoi ailt 19–22

In alt 19 den Acht, tugtar d'údarás don Choimisiún imscrúduithe a dhéanamh ar sháruithe féideartha ar an Acht. Cuirtear síos ar chionta in alt 20 den Acht agus foráiltear in alt 21 d'fhógraí íocaíochta seasta a ghearradh i leith sáruithe sonracha.

Toisc nach bhfuil forálacha imscrúdaitheacha agus forfheidhmithe an Achta i bhfeidhm go fóill, lena n-áirítear iad sin atá leagtha amach in ailt 19, 20 agus 21, níl aon rud le tuairisciú ag an gCoimisiún maidir leis na hailt sin.

Foráiltear in alt 22 den Acht do shrianta iarfhostaíochta ar chatagóirí sonracha d'oifigigh phoiblí ainmnithe. Féadfaidh oifigeach poiblí ainmnithe iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún ar thoiliú chun na srianta sin a tharscaoileadh nó a laghdú.

Ní bhfuarthas aon iarratais ar thoiliú faoi alt 22 ó oifigigh phoiblí ainmnithe reatha ná ó iaroifigigh phoiblí ainmnithe a bhí ag iarraidh na srianta iarfhostaíochta a bhféadfadh go mbeidís faoina réir a tharscaoileadh nó a laghdú.

## Nósanna imeachta inmheánacha agus próisis achomhairc

Chuir an Coimisiún raon de nósanna imeachta agus de phrótacail inmheánacha i bhfeidhm chun tacú le breitheanna a thabhairt de réir na bhfreagrachtaí reachtúla atá air faoin Acht agus chun treoir a thabhairt do bhaill foirne maidir leis na freagrachtaí atá orthu a chomhlíonadh ar bhealach cothrom, comhsheasmhach agus éifeachtúil.

Foráiltear in alt 23 den Acht d'achomhairc a dhéanamh in aghaidh breitheanna sonracha ón gCoimisiún, mar shampla, breitheanna a bhaineann le faisnéis atá sa chlár a bhaint (alt 10(5)), iarratais ar fhoilsiú moillithe (alt 14), agus iarratais ar shrianta marana iarfhostaíochta is infheidhme maidir le haicmí áirithe d'oifigigh phoiblí ainmnithe a tharscaoileadh nó a laghdú (alt 22).

Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe painéil oifigeach neamhspleách achomhairc ar bun. Beidh siad sin in ann achomhairc a éisteacht i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Faoin Acht, féadfaidh an t-oifigeach neamhspleách achomhairc seasadh le breith ón gCoimisiún nó í a chur ar ceal agus breith eile a chur ina háit. Féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh breitheanna ón oifigeach achomhairc chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí.

## Oibriú le daoine eile

D'fhonn taithí a mhalartú agus foghlaim ón dea-chleachtas i ndlínsí eile, chuaigh an Coimisiún i mbun caidrimh le roinnt cleachtóirí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, mar aon leis an lucht léinn in Éirinn agus thar lear:

- Thug Sherry Perreault aitheasc ag ceardlann maidir le brústocaireacht a rialáil, rud ar óstáil Ollscoil Stirling, Albain, é i mí na Samhna. Toisc go raibh dréachtreachtaíocht brústocaireachta á breithniú sa tír ag an am, bhí an cheardlann dírithe ar an lucht parlaiminte, ar an lucht déanta beartas agus ar an lucht léinn in Albain agus tugadh cláraitheoirí brústocaireachta as Éirinn, as an Ríocht Aontaithe agus as an Aontas Eorpach le chéile inti. Labhair na cláraitheoirí faoina n-eispéireas féin ar chlár gníomhaíochtaí brústocaireachta a bhunú agus a chothabháil. I measc na gcainteoirí eile ag an ócáid, bhí saineolaí ar an ábhar ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus acadóirí as Albain agus as na Stáit Aontaithe.
- D'fhreagair Rúnaíocht an Choimisiúin do roinnt ceisteanna ón bhFrainc, ón Aontas Eorpach agus ó ECFE sa bhliain freisin. I mí na Samhna, tháinig Rúnaíocht an Choimisiúin le chéile le toscaire ar cuairt ó La Haute autorité pour la transparence de la vie publique [an tArd-Údarás um Thrédhearcacht sa Saol Poiblí].
- Chuaigh Rúnaíocht an Choimisiúin leis an Council on Governmental Ethics Laws (COGEL) [an Chomhairle um Dhlíthe Eitice Rialtais], comhlacht idirnáisiúnta do chleachtóirí eitice, rialálaithe brústocaireachta ina measc. Tá an comhlacht lonnaithe sna Stáit Aontaithe. Soláthraíonn COGEL fóram inar féidir le comhaltaí faisnéis a chomhroinnt, an dea-chleachtas a mhalartú agus tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil trí chomhdháil bhliantúil.



New lobbying legislation aims to take on 'closed door' meetings

Lobbyists can have a very significant influence in both the public and private sectors

Mark Hilliard

You can nearly picture the scene: a grinning politician presses the palm of a silk-suited stranger, smiling as he is ushered into a quiet room. The door closes so no one might peer inside and the meeting begins. But what's being discussed?

This may be an unjustly suspicious caricature of lobbying – a common and legitimate practice where democracies engage with outside interests – but where things are done discreetly in back rooms or closed offices, a public is entitled to be cynical. The best lobbying, after all, is that which we never hear about.

This probably explains the need for legislation that will finally record who has been talking to whom, about what and with which outcome. There are of course concerns, but the true grit of such law will only become known in time.

The Regulation of Lobbying Act 2015 was enacted last month. An online lobbying register, due to be launched next month, will require anyone involved in such activity to record details of clients, names of public officials contacted, subject matter and the intended results of communications.

"Over the last 10 years in particular, there has been an effort to regulate all kinds of different sectors and professions," says JP McDowell, solicitor at McDowell Purcell.

"Lobbyists have been a feature of our business and political landscape now for some considerable time. They can have a very significant influence both in the public and private sector."

Exceptions

It is the pathways to such influence that the recording system is designed to map. There are exceptions. For example, a discussion of private affairs is exempt, although this does not extend to matters of planning and land zoning (barring principal private residences).

Where a communication relates to the initiation, development or modification of public policies or programmes, preparation of an enactment or the awarding of a grant, exchanges must be registered. TDs, MEPs, councillors, special advisers and secretaries general of government departments are all included as obligated parties.

"There is possibly the perception that all of this stuff goes on behind closed doors and this shines a light on that," says Brian Ormond of the same legal firm.

"It is all about ensuring that where this is going on, the public is aware of what is going on. When these things happen in the shadows there is always a risk of abuse."

Question marks

There are question marks however as to the extent registrations will bring lobbyists in from the cold, the effect the legislation might have on business practices and the strength of disincentives to avoid transparency.

"I have no idea of how many they are expecting," says Mr McDowell. "I am thinking this is a register that won't contain more than a few hundred names. Do we have an industry out there that is comprised of a few thousand people? The register of dentists is 2,000 people. Are there going to be more than 1,000 lobbyist registrations with the commission? I doubt it."

Those eventual numbers should help shape a hitherto amorphous industry. The register, controlled by the Standards in Public Office Commission, will be updated three times a year and fully open to public inspection. It is likely to prompt considerable interest and this, in its own way, invites problems. While there are some exemptions, as detailed, there is no regard for legal privilege.

Contradictory forces

Writing in the *Law Society Gazette*, solicitor Cormac Ó Culáin outlines the contradictory forces of legal professional privilege and duty of confidentiality.

"The [Law] society's key concerns with the act relate to the obligations that may be placed on our members in the context of their relationship as legal advisers to their clients," he wrote.

"The solicitor/client relationship is founded on client confidentiality and legal professional privilege. These tenets occupy the core of the property administration of the legal system.

"The [legislation] has more of an impact on the former tenet as it requires disclosure of the very existence of the solicitor/client relationship. The society submitted that any interference or competing public interest with these long-established norms must be carefully considered against the possible damage to the integrity of the legal system."

Then there is the issue of penalties and whether there is enough incentive for full compliance. Contraventions of the Act – making a late return (disclosure); failing to make a return; making a fake or misleading return – can be sanctioned in the first instance by a fine of up to €200. Failure to comply could inflate that to €2,500 or, on conviction, up to two years in prison.

Transparency

The Act appears designed to focus on transparency in an often opaque world. As Mr Ormond points out, there does not seem to be a provision to remove someone from the register for a serious offence.

"It seems the focus of the Act is on letting the public know who is talking to whom," he says. "It's more for transparency."

Guidelines for lobbyists will be issued later this month. The register opens in May and will be followed by a three month period during which users can familiarise themselves with the system. From then on, we will all know who's in what meeting.



New lobbying rules for planning permission

BY FEARGHAL O'CONNOR

New rules mean people planning to build one-off houses will have to register as lobbyists if they want to get the support of their councillors or TDs.

If they fail to publicly disclose the lobbying of local politicians to back their application, they could face fines or two years' imprisonment.

The new lobbying regulator, Sherry Perreault, said that while the new legislation is mainly aimed at lobbying professionals, individuals who lobby on development and zoning matters are also obliged to register.

See page 8



# 5

# Príomh-Shaincheisteanna sa Bhliain 2015

# Caibidil 5
# Príomh-Shaincheisteanna sa Bhliain 2015

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur gá an tAcht a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcásanna san fhíorshaol. Ní féidir gach cás féideartha a réamh-mheas ná treoir a bheith i bhfeidhm dóibh roimh ré. Nuair a bhítear in ann treoir ghinearálta a bhaint as cásanna, áfach, cabhraíonn ceisteanna agus freagraí maidir leis na cásanna sin le heolas a thabhairt d'fhorbairt agus d'fheabhas leanúnach na n-uirlisí tagartha agus faisnéise a bhíonn ar fáil ar an suíomh Gréasáin lobbying.ie, ceisteanna coitianta ina measc. Táthar ag súil go leanfar ar aghaidh leis an ábhar sin a mhéadú le himeacht ama, de réir mar a ghnóthaíonn an Coimisiún tuilleadh taithí ar an Acht a riar.

Ar ndóigh, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar aon iarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe a thagann as oibriú an Achta agus cuirfidh sé aon ionchur is gá ar fáil don athbhreithniú reachtach atá le teacht, rud a stiúrfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é.

Is iad seo a leanas sampla de roinnt de na saincheisteanna a tarraingíodh anuas cheana féin. Tá tuilleadh faisnéise faoi chuid mhór de na saincheisteanna sin ar fáil sa rannán Ceisteanna Coitianta den suíomh Gréasáin www.lobbying.ie.

## Brústocaireacht lasmuigh d'Éirinn

Tá méid mór spéise ann sa cheist maidir le cé acu is gá nó nach gá cumarsáid a dhéantar lasmuigh d'Éirinn a chlárú.

Ní dhéantar aon dealú san Acht maidir leis an áit a ndéantar cumarsáid iomchuí. Ina theannta sin, sainaithnítear go sainráite san Acht agus sna hionstraimí reachtúla a ghabhann leis gur oifigigh phoiblí ainmnithe iad Comhaltaí Éireannacha de Pharlaimint na hEorpa agus státseirbhísigh shinsearacha, lena n-áirítear státseirbhísigh áirithe a bhfuil a bpost lonnaithe thar lear.

Níl an cinneadh ar cé acu a thagann nó nach dtagann cumarsáid lasmuigh den dlínse ag brath ar an gceist aonair maidir le cé acu a dhéantar nó nach ndéantar í go fisiciúil lasmuigh den tír. Déanfar gach cás a athbhreithniú bunaithe ar a fhíricí féin chun a fháil amach cé na cúinsí ina dtiocfadh cumarsáid laistigh de dhlínse nó lasmuigh di agus cé acu a bheadh nó nach mbeadh feidhm ag an Acht maidir leis an gcumarsáid agus conas a d'fhéadfadh feidhm a bheith ag an Acht maidir leis an gcumarsáid. Tá cuid mhór saincheisteanna ann is gá a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil cumarsáid ar leith ina gníomhaíocht inchláraithe brústocaireachta. Mar shampla, cé hé a bhí ina pháirtí sa chumarsáid, cárbh as a tháinig an chumarsáid ar dtús agus cá bhfuarthas í, agus cé a rinne, a bhainistigh nó a threoraigh an ghníomhaíocht.

Beag beann ar an áit a ndéantar cumarsáid, áfach, is amhlaidh go bhfuil duine a thagann faoi raon feidhme na reachtaíochta ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta chun críche an Achta sa chás go ndéanann sé cumarsáid le hoifigeach poiblí ainmnithe Éireannach maidir le ní iomchuí. Táimid ag súil go gcláróidh gach duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta.

## Clárú carthanas agus an cheist maidir le stádas carthanúil

Tugann cuid mhór carthanas agus eagraíochtaí neamhbhrabúis faoi ghníomhaíochtaí brústocaireachta agus d'fhéadfadh go mbeadh oibleagáid orthu clárú faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 dá bharr sin. Chuir roinnt eagraíochtaí carthanúla ceisteanna cheana féin maidir le cé acu a bheidh nó nach mbeidh aon difear ann dá stádas carthanúil nó dá ndíolúintí carthanúla ó cháin má chláraíonn siad mar bhrústocaire. Cé gur faoi na Coimisinéirí Ioncaim agus faoin Rialálaí Carthanas atá sé a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil eagraíocht incháilithe do stádas carthanúil nó chun leas a bhaint as díolúintí ó cháin, níl aon bhac ann ar charthanais brústocaireacht a dhéanamh fad is a chloíonn an ghníomhaíocht brústocaireachta le forálacha an Achta Carthanas, is é sin le rá, go dtagann sí le príomhchuspóirí na heagraíochta.

Ní chuirfidh eagraíocht a stádas carthanúil i mbaol má chláraíonn sí mar bhrústocaire amháin. Ní mór di a bhreithniú, áfach, cé acu atá an tsainghníomhaíocht brústocaireachta atá sí ag iarraidh a dhéanamh inghlactha nó nach bhfuil. Is féidir go mbeidh ar charthanais na Coimisinéirí Ioncaim agus/nó an tÚdarás Rialála Carthanas a shásamh go bhfuil a ngníomhaíocht brústocaireachta ag teacht lena bpríomhchuspóirí. Má tá siad in amhras faoi cé acu atá gníomhaíocht brústocaireachta cuí nó nach bhfuil, moltar d'eagraíochtaí treoir a iarraidh ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón Údarás Rialála Carthanas.

Faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, ní mór do dhuine ag a bhfuil níos mó ná deichniúr fostaithe, nó do chomhlacht ionadaitheach nó tathanta ag a bhfuil fostaí amháin ar a laghad, agus atá ag déanamh cumarsáid le hoifigeach poiblí ainmnithe maidir le ní iomchuí clárú agus tuairisceáin maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a chur isteach. Ní ann d'aon díolúine ón gceanglas sin i gcás carthanas.

## Modh nó áit na cumarsáide

Ní dhéantar aon dealú san Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 maidir le modh na cumarsáide iomchuí, maidir leis an áit a ndearnadh an chumarsáid iomchuí ná maidir lena fhoirmiúla atá an chumarsáid iomchuí. Má dhéanann duine a thagann faoi raon feidhme na reachtaíochta cumarsáid le hoifigeach poiblí ainmnithe maidir le ní iomchuí, is ionann é sin agus brústocaireacht agus ní mór an chumarsáid a chlárú dá bharr.

Faoin Acht, d'fhéadfaí a mheas gurb ionann agus brústocaireacht idirghníomhaíocht neamhfhoirmiúil a dhéantar go sóisialta, in áitreabh gnó nó ar an tsráid, faoi mar a mheastar gurb ionann agus brústocaireacht cruinniú a thionóltar in oifig comhairleora nó laistigh de Theach Laighin. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí a mheas gur brústocaireacht atá i dtéacsanna nó i ríomhphoist a sheoladh nó sna meáin shóisialta a úsáid.

Chuir a lán daoine ceisteanna a bhain go sonrach le Twitter a úsáid. Ní mheasfaí de ghnáth gurb ionann agus brústocaireacht tvuít atá dírithe ar lucht féachana leathan agus nach bhfuil dírithe ar dhuine aonair. Mar sin féin, más rud é go seoltar tvuít chuig oifigeach poiblí ainmnithe aonair nó go bhfuil an t-oifigeach sin clibeáilte sa tvuít, d'fhéadfadh gur ghníomhaíocht inchláraithe brústocaireachta í. Bheadh sé sin ag brath ar cé acu a thagann nó nach dtagann an duine atá á seoladh faoi raon feidhme an Achta agus ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann ábhar na tvuíte le ní iomchuí.

## Aighneachtaí do chomhairliúcháin phoiblí

Luaitear i bhfo-alt 5(5)(e) den Acht um Brústocaireacht a Rialáil gur díolmhaithe atá "cumarsáidí a iarrann comhlacht seirbhíse poiblí agus a fhoilsíonn sé". Dá bhrí sin, ba dhíolmhaithe a bheadh aon aighneachtaí a dhéantar mar chuid de phróiseas comhairliúcháin phoiblí fad is gurb é an comhlacht seirbhíse poiblí a d'iarr iad agus go bhfoilsíonn an comhlacht seirbhíse poiblí iad. Tá an sainmhíniú ar chomhlacht seirbhíse poiblí chun críocha na coda seo leagtha amach in alt 7 den Acht.

Chuir cláraithe imní áirithe in iúl go bhféadfadh nach mbeadh aighneacht foilsithe ag an gcomhlacht poiblí a d'iarr an chumarsáid roimh an spriocdháta le haghaidh tuairisceán maidir le gníomhaíocht brústocaireachta. Sa chás gur thug an comhlacht poiblí le fios go bhfuil rún aige na haighneachtaí a fhoilsiú, níl aon oibleagáid ar an gcláraí an chumarsáid a chur ar áireamh ina thuairisceán féin maidir le gníomhaíocht brústocaireachta. Sa chás nach eol cé acu atá nó nach bhfuil rún ag an gcomhlacht poiblí na haighneachtaí a fhoilsiú, ba cheart an méid sin a sheiceáil leis an gcomhlacht poiblí.

D'fhonn cabhrú le daoine a bhféadfadh go mbeadh oibleagáidí orthu faoin Acht, moltar do chomhlachtaí poiblí an rún atá acu a léiriú go soiléir agus iad i mbun próiseas comhairliúcháin den sórt sin.

## Cé a thosaíonn an teagmháil

Is minic a dhéanfaidh oifigeach poiblí ainmnithe teagmháil le geallsealbhóir chun a thuairimí a fháil, ar bhonn foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, maidir le ní iomchuí. Ní dhéantar aon dealú san Acht maidir leis an duine a thosaíonn cumarsáid iomchuí. Más rud é go ndéanann oifigeach poiblí ainmnithe teagmháil le duine a thagann faoi raon feidhme an Achta agus go ndéanann an duine sin cumarsáid iomchuí, ba ghá an chumarsáid a chlárú sa chás sin, beag beann ar cén duine a thosaigh an comhrá.

Tá sé tábhachtach dealú a dhéanamh idir na cineálacha comhairliúcháin sin agus na comhairliúcháin phoiblí fhoirmiúla dá dtagraítear thuas, áit a n-iarrann comhlacht poiblí aighneachtaí ar shaincheist ar leith agus a bhfuil rún aige na haighneachtaí sin a fhoilsiú.

## An ról atá ag comhlachtaí ionadaitheacha

Foráiltear go sainráite in alt 5(2)(b) den Acht gur faoi raon feidhme an Achta a thagann comhlacht ionadaitheach – is é sin, comhlacht atá ann go príomha chun bheith ionadaitheach do leasanna a chomhaltaí agus a dhéanann cumarsáidí iomchuí thar ceann aon duine de na comhaltaí sin – sa chás go bhfuil fostaí amháin ar a laghad aige. Féadfaidh comhlachtaí ionadaitheacha tathant a dhéanamh thar ceann leasanna comhalta aonair nó thar ceann leasanna comhaltaí. Más rud é gurb é an comhlacht ionadaitheach a dhéanann an ghníomhaíocht brústocaireachta, nó gurb é an comhlacht ionadaithe a bhainistíonn nó a threoraíonn an ghníomhaíocht brústocaireachta, is ar an gcomhlacht atá an fhreagracht as clárú agus as tuairisceáin maidir lena ghníomhaíocht brústocaireachta a chur isteach.

Más rud é go ndéanann comhalta aonair de chomhlacht ionadaitheach a ghníomhaíochtaí brústocaireachta féin nó go mbainistíonn nó go dtreoraíonn comhalta aonair gníomhaíochtaí brústocaireachta leis féin agus ar leithligh ó na gníomhaíochtaí brústocaireachta sin a dtugann an comhlacht ionadaitheach fúthu, ní mór don chomhalta measúnú a dhéanamh ar a oibleagáidí féin faoin Acht. Má thagann an comhalta faoi raon feidhme an Achta, ní mór dó clárú agus tuairisceáin ar leith maidir lena ghníomhaíochtaí brústocaireachta féin a chur isteach.

## Rúndacht cliaint

Féadfaidh gairmithe ó raon leathan earnálacha cumarsáid a dhéanamh thar ceann cliaint. I measc daoine den sórt sin, tá aturnaetha, gairmithe cánach, cuntasóirí agus sainchomhairleoirí bainistíochta. Má tá sé ag déanamh cumarsáide thar ceann cliaint, ní mór don bhrústocaire clárú agus a chliant a shainaithint ina thuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta. Níl aon díolúine ó chur i bhfeidhm an Achta ann d'aon ghairm ar leith.

Chuir roinnt daoine imní in iúl faoi cé acu atá nó nach bhfuil sé ina shárú ar rúndacht cliaint clárú agus tuairisceáin a chur isteach. Ní gá rúndacht cliaint a shárú chun comhlíonadh an Achta a áirithiú. Mar gheall ar an leibhéal faisnéise atá ag teastáil i dtuairisceán, níor cheart go mbeadh gá ann le faisnéis faoi dhíospóireacht rúnda a chur ar fáil ann. Dá dtiocfadh cás den sórt sin chun cinn, dhéanfaí measúnú air bunaithe ar na fíricí ar leith a bhaineann leis.

## An ról atá ag oifigigh phoiblí ainmnithe maidir le tacú leis an Acht

Ní leagtar san Acht aon cheanglais ar oifigigh phoiblí ainmnithe clárú, tuairisceáin a chur isteach ná faisnéis atá i dtuairisceáin arna gcur isteach ag brústocairí a bhailíochtú. Mar sin féin, fuarthas moltaí, lenar áiríodh cinn ó oifigigh phoiblí ainmnithe, go bhféadfaí dearbhú breise a thabhairt maidir le cruinneas na faisnéise atá i dtuairisceán dá gceanglófaí ar oifigigh phoiblí tuairisceáin a bhailíochtú ina bhfuil siad ainmnithe mar dhaoine a ndearnadh brústocaireacht orthu.


Féadfaidh oifigigh phoiblí ainmnithe a iarraidh go gceartófaí aon fhaisnéis atá míchruinn, agus tá feidhm tuairiscithe ann ar an gclár chun é sin a chumasú. Chomh maith leis sin, féadfaidh siad roghnú clárú d'fhotha RSS (Sindeacáitiú Barrshimplí) chun nuashonruithe a fháil nuair a ainmnítear iad i dtuairisceán.

Cé nach bhfuil aon oibleagáidí foirmiúla ar oifigigh phoiblí ainmnithe faoin Acht, tá roinnt dea-chleachtas sainaitheanta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Tá siad sin leagtha amach sna Treoirlínte d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe, sna Treoirlínte do TDanna, do Sheanadóirí agus do FPEnna, agus sna Treoirlínte do Bhaill d'Údaráis Áitiúla. Tá gach ceann de na cáipéisí sin ar fáil ar www.lobbying.ie.

## An ról atá ag comhlachtaí poiblí maidir le tacú leis an Acht

Ceanglaítear san Acht ar chomhlachtaí poiblí liosta dá n-oifigeach poiblí ainmnithe a fhoilsiú agus a chothabháil ar a suíomh Gréasáin. Iarradh ar gach comhlacht oifigeach um chomhlíonadh a shainaithint chun cabhrú le hobair ina leith sin. D'éirigh go geal leis sin agus téann an Coimisiún i dteagmháil le comhlachtaí poiblí chun a chinntiú go nuashonraítear a suíomh Gréasáin go rialta agus chun an Coimisiún a chumasú a bhunachar sonraí clárúcháin féin a choinneáil cothrom le dáta.

Is féidir le comhlachtaí poiblí tacú le cur chun feidhme an Achta freisin trí shainaithint a dhéanamh ar chomhlachtaí comhairleacha nó ar ghrúpaí oibre a oibríonn de réir an Chóid Trédhearcachta.



# 6

# Achoimre agus na chéad chéimeanna eile

# Caibidil 6
# Achoimre agus na chéad chéimeanna eile

Den chuid ba mhó, ba dhearfach a bhí an fhreagairt don Acht agus do na hoibleagáidí a ghabhann leis i measc na ndaoine sin a bhfuil oibleagáid orthu clárú. Féachtar ar an gclár mar cheann atá furasta le húsáid agus le nascleanúint agus is beag deacracht a bhíonn ag formhór na ndaoine agus iad ag clárú agus ag cur tuairisceán isteach. Thug a lán daoine faoi deara go bhfuil siad i bhfách le trédhearcacht mhéadaithe ó thaobh brústocaireachta de agus gur mhaith leo comhlíonadh forleathan a fheiceáil. Mar an gcéanna, bhí ardleibhéal rannpháirtíochta ann ó oifigigh phoiblí ainmnithe ag gach leibhéal den Rialtas.

Cé go dtabharfaidh an Coimisiún tuairisc an bhliain seo chugainn ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu sa bhliain 2016 chun tacú leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil (an tAcht), ba mhaith linn trácht gairid a dhéanamh ar na torthaí luatha ar an gcéad tréimhse tuairiscithe.

## Torthaí ar an gcéad tréimhse tuairiscithe

Leagtar amach san Acht trí thréimhse fhorordaithe tuairiscithe in aghaidh na bliana. Bhí an chéad tréimhse tuairiscithe ar siúl idir an 1 Meán Fómhair 2015 agus an 31 Nollaig 2015. I gcás aon duine a bhí ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta laistigh den tréimhse ceithre mhí sin, ba ghá dó clárú agus na chéad tuairisceáin uaidh a chur isteach laistigh de 21 lá tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe sin (is é sin, faoin 21 Eanáir 2016).

Chláraigh breis agus 1,100 duine agus eagraíocht agus seoladh níos mó ná 2,500 tuairisceán chuig an gClár Brústocaireachta ar líne faoi dheireadh an spriocdháta (féach **Aguisín 3**). Faoi mar a thug Cathaoirleach an Choimisiúin faoi deara sa phreaseisiúint inar sonraíodh an chloch mhíle, “Táscaire an-dearfach is ea an leibhéal iomlán comhlíonta agus táthar ag glacadh leis an ngá atá ann le hoscailteacht agus trédhearcacht i gcúrsaí brústocaireachta.”

Trí anailís a dhéanamh ar na chéad tuairisceáin a fuarthas, beidh an Coimisiún in ann sainaithint a dhéanamh ar aon réimsí nó ar aon earnálacha inar gá tabhairt faoi thuilleadh obair for-rochtana ar mhaithe le feasacht a chothú ar an Acht. Beidh sé in ann uirlisí faisnéise a athbhreithniú agus a fheabhsú freisin ar mhaithe le tuiscint níos soiléire a chinntiú ar na ceanglais chlárúcháin agus tuairisceáin. Chuir an Coimisiún feabhas ar an rannán Ceisteanna Coitianta den suíomh Gréasáin cheana féin. Chomh maith leis sin, leasaigh sé an fhoirm shamplach tuairisceáin agus d’ullmhaigh sé doiciméad ina sainaithnítear botúin choitianta a rinneadh sna chéad tuairisceáin.

Cé nach bhfuil ról comhairleach reachtúil ag an gCoimisiún i dtaca le cláraithe, tá sé ag iarraidh, sa chéad tréimhse tuairisceáin, cúnamh a thabhairt do chláraithe a chláraigh go mícheart nó a chuir tuairisceáin mhíchruinne isteach. Tá sé de fhreagracht ar an duine atá ag cur an tuairisceáin isteach, áfach, a chinntiú gur cruinn an fhaisnéis atá tugtha ann.

## Na chéad chéimeanna eile

Táthar ag súil le hardleibhéal gníomhaíochta sa bhliain reatha mar gheall ar na trí thréimhse tuairisceáin ar leith atá sceidealta, mar gheall ar an dócúlacht go gcuirfear tús leis na forálacha imscrúdaithe agus forfheidhmithe atá leagtha amach i gCuid IV den Acht, agus mar gheall ar an athbhreithniú reachtach atá beartaithe ar an Acht.

Tá an Coimisiún ag tabhairt faoi thuilleadh córas forbartha ar an gclár chun cabhrú le fógraí íocaíochta seasta a thabhairt isteach i leith sáruithe áirithe ar an Acht.

Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní agus na próisis is gá i bhfeidhm chun forálacha imscrúdaithe an Achta a riar go cuí.

Foráiltear in alt 16 den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún "cód iompair a tháirgeadh do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta, agus é a athbhreithniú ó am go ham, d'fhonn ardchaighdeáin ghairmiúla agus dea-chleachtas a chur chun cinn". D'fhonn deis a thabhairt do dhaoine éirí cleachta leis an reachtaíocht, níl aon rún ag an gCoimisiún cód den sórt sin a fhorbairt i gcéad bhliain an Achta. In am trátha, tabharfaidh an Coimisiún faoi na comhairliúcháin agus faoin taighde iomchuí ar fad a theastaíonn chun cód a fhorbairt.



**Howlin announces online register of lobbyists**

HARRY McGEE
Political Staff

Up to 20,000 individuals, companies and organisations may declare on an online register of lobbying announced by Minister for Public Expenditure and Reform Brendan Howlin.

The register, established under the recently enacted Regulation of Lobbying Act, will show who has lobbied; the issues involved; the beneficiary of the lobbying; its intended result and the public officials or politicians lobbied.

Mr Howlin, who has long campaigned on this subject, said: "The secrecy which has characterised some of the lobbying in the past has been problematic."

Details of the online register, lobbying.ie, were announced by Mr Howlin, Mr Justice Daniel O'Keeffe, chairman of the Standards in Public Office Commission (Sipo), and the new head of lobbying regulation, Sherry Perreault.

All the speakers said lobbying was an essential part of a democratic system but that the activity should be open to public scrutiny.

"Transparency has always been the cornerstone of accountability," said Ms Perreault, who previously worked in this area in Canada.

**Large numbers**

Sipo secretary Paddy Walsh said it was difficult to estimate how many would register but it could be 10,000-20,000: "It will be large and there will be large numbers registering."

Mr Howlin said the law sought to achieve a balance between the obligation to disclose information and not putting too onerous an administrative burden on groups and firms.

"The information to be registered takes account of the need to minimise the administrative burden so not every meeting, phone call or email has to be listed individually," he said

"Rather, the focus is on capturing the subject matter, who was contacted and the results intended to be achieved."

A provision in the Bill that attracted some criticism was the decision to reduce from two years to one the "cooling-off" period in which senior public servants and politicians are prohibited from lobbying.

Ceanglaítear in alt 2 den Acht go ndéanfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú a thosú ar oibriú an Achta roimh dheireadh na chéad bhliana. I dteannta an mhórchomhairliúcháin a dhéantar le daoine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta agus le páirtithe leasmhara eile, ceanglaítear ar an Aire dul i gcomhairle leis an gCoimisiún freisin. Beidh an Coimisiún sásta, ar ndóigh, aon ionchur a theastaíonn a chur ar fáil don athbhreithniú agus foilseoidh sé an t-ionchur sin in am trátha.

Mar fhocal scoir, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le sainaithint a dhéanamh ar na deiseanna atá ann feasacht agus tuiscint a mhéadú ar an Acht d'fhonn comhlíonadh a chur chun cinn. Agus riar éifeachtach an Achta um Brústocaireacht a Rialáil á chinntiú aige, féachfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí le trédhearcacht agus le dea-rialachas a chothú sa saol poiblí in Éirinn.



# Ireland ranks sixth best in lobbying standards survey

SUZANNE LYNCH
European Correspondent

Ireland has been ranked sixth best out of 19 EU member states in a survey of measures in place to guard against "undue influence" in the political system.

Transparency International's report, the first of its kind to assess lobbying practices across EU member states and European institutions, found that Ireland scored 39 per cent in terms of international lobbying standards.

Ireland was ranked behind the UK, Austria and Lithuania, among others, but scored above the average of 31 per cent. Hungary and Cyprus ranked lowest in the survey.

The study examined the systems in place in a number of areas, including the existence of a lobbying register, transparency standards in the public sector, and the definitions used to categorise lobbyists and target sectors.

Last year the Government introduced a Regulation of Lobbying Bill, which aims to increase transparency around the lobbying of Government and civil service officials. The new regulation came into effect last month, and the web-based register will go live on May 1st.

Launching the report in Brussels, Transparency International's Daniel Freund said lobbying was "part of a healthy democracy". However, he also said that "when certain interests with more money and inside contacts come to dominate political decision-making for their own benefit, the democracy cannot work the way it's supposed to".

According to Transparency International, Brussels has the second highest density of lobbyists in the world, after Washington DC. Some estimates putting the number of lobbyists in the Belgian capital at 30,000.

Speaking yesterday in Brussels, Anne Koch, Transparency International's director for Europe and Central Asia, said that lobbying was a "key corruption risk" in Europe.

"Lobbying doesn't mean corruption, but unregulated lobbying leads to high risks of corruption," she said. "This is not an abstract issue. Lobbying affects what we eat, what we drink, the mobile phone bills we pay, the medicines we take."

Ms Koch said that the profile and practices of lobbyists were changing. "Many new players are coming into the field, many new techniques are being developed to influence policy. We know from our findings that there is no level playing-field – the better-resourced and better-connected have much more ability to influence policy."

Lobbying reform, she said, is not a "simple case of establishing a lobbying register. It's often seen as a quick-fix tool, a panacea. She noted that the lobbying register in the UK covers just 1 per cent of all lobbyists.

The report noted "the presence in Brussels of large European and US-based law firms and their lobbying of the EU institutions on behalf of corporate clients". It said lawyers have been "particularly reluctant to identify themselves as lobbyists", citing confidentiality.

A lack of legislation on the "revolving door" concept, whereby lawmakers take up positions with companies after their tenure, was highlighted.

**EU transparency**

Of the three EU institutions surveyed for the report, the European Commission was ranked highest in terms of its commitment to transparency.

Since 2011, the commission and the European Parliament have operated a voluntary register of lobbyists. In addition, last December the commission introduced new rules obliging commissioners, cabinet members and director-generals to publish information about meetings held with lobbyists.

This includes information on the dates, locations, and the names of the organisations and individuals they met, as well as the topics of discussion, a development that was welcomed by Transparency International.


The European Council, which represents member states, was found to have the weakest safeguards in place of the three institutions. Transparency International noted that much of the lobbying ahead of council meetings took place in national capitals.

Citing a recent EU law on car emissions, Mr Freund said that the German car industry had concentrated its lobbying efforts in Berlin.

"When the European Commission put forward the regulation on the CO2 emissions of cars, the German car industry basically made the German government their chief lobbyists," he said.

**30,000**

Estimated number of lobbyists working in Brussels, second highest density in the world



# Aguisín 1: Liosta Foilseachán ón gCoimisiún um Chaighdeáin, 2015

# Aguisín 1
# Liosta Foilseachán ón gCoimisiún um Chaighdeáin, 2015

- *Treoir Ghearr maidir leis an Acht*
- *An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015: Treoirlínte do dhaoine atá ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta*
- *An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015: Treoirlínte maidir leis an mbrústocaireacht i dtaca le forbairt talún agus le criosú talún*
- *An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015: Treoir d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe*
- *An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015: Treoir do TDanna, do Sheanadóirí agus do FPEnna*
- *An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015: Treoir do Bhaill d'Údaráis Áitiúla*

*Tabhair faoi deara: Tá na foilseacháin uile ar fáil ar líne ag www.lobbying.ie



# Aguisín 2: Comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach ar Bhrústocaireacht a Rialáil

# Aguisín 2
# Comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach ar Bhrústocaireacht a Rialáil

**Comhairle Bharra na hÉireann**
Shirley Coulter
Stiúrthóir Cumarsáide agus Beartais

**Cumann Comhlachais Tráchtála na hÉireann**
Ian Talbot
Príomhfheidhmeannach

**Coiste Comhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta – Éire**
Pat Costello
Príomhfheidhmeannach

**Eircom Ltd**
Pat Galvin
Stiúrthóir Gnóthaí Poiblí

**Grúpa Athchóirithe Cánach Charthanais na hÉireann** (ICTR)
Sheila Nordon
Stiúrthóir Feidhmiúcháin

**IMPACT, Ceardchumann**
Niall Shanahan
Oifigeach Cumarsáide

**Ibec**
Siobhán Masterson
Ceann Gnóthaí Corparáideacha

**Cumann Ailse na hÉireann**
Kathleen O'Meara
Ceann Tathanta agus Cumarsáide

**Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann**
Elaine Farrell
Feidhmeannach Idirchaidrimh leis an Oireachtas/ Feidhmeannach Miondíola

**Institiúid Pleanála na hÉireann**
Seán O'Leary
Stiúrthóir Feidhmiúcháin

**Foras Cánachais na hÉireann**
Martin Lambe
Príomhfheidhmeannach

**Dlí-Chumann na hÉireann**
Cormac Ó Culáin
Aturnae/Feidhmeannach Gnóthaí Poiblí

**Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach**
Joan Martin
Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Lú

**Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí**
John Carroll
Príomhfheidhmeannach

**Na Coimisinéirí Ioncaim**
Denis Barry
Príomhoifigeach


**The Wheel**
Ivan Cooper
Stiúrthóirí Tathanta

**An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**
Áine Stapleton
Príomhoifigeach (comhalta den ghrúpa go mí an Mhárta 2016)

Joyce Nolan
Príomhoifigeach Cúnta (comhalta den ghrúpa ó mhí an Mhárta 2016)

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
Jim O'Keeffe
Comhalta den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí


Sherry Perreault
Ceann um Brústocaireacht a Rialáil (Cathaoirleach ar an nGrúpa Comhairleach)




# Aguisín 3: Tuairisceáin a rinneadh roimh an spriocdháta ar an 21 Eanáir 2016

# Aguisín 3
# Tuairisceáin a rinneadh roimh an spriocdháta ar an 21 Eanáir 2016

## Fíor 1: Miondealú de réir réimse beartais phoiblí




## Fíor 2: Miondealú de réir ní iomchuí



Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
18 Sráid Líosain íochtarach,
Báile Átha Cliath 2.

Tel: (01) 639 5722
Fax: (01) 639 5684

Twitter: @LobbyingIE
R-phost: info@lobbying.ie
Website: www.lobbying.ie

designed by CATALYSTO